Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Feabhra 2026
(OR. en, bg, fr)

5787/26
PV CONS 3
AG 14
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Ginearálta)

26 Eanáir 2026

1. **An clár oibre a ghlacadh**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 5529/26.

2. **Formheas na míreanna 'A'**
**(a) Liosta neamhreachtach** 5531/26

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n- áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

**(b) Liosta reachtach (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)** 5532/26

1. **Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938** ❶C 5289/26 + ADD 1 + ADD 2 REV 1 PE-CONS 63/25 ENER
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 23.1.2026

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ungáir agus an tSlóvaic ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagail 194(2) agus 207 CFAE).

Leagtar amach san Iarscríbhinn ráitis ón mBulgáir, ón bhFrainc, ón Ungáir, ón tSlóvaic agus ón gCoimisiún maidir leis an mír seo.

## Gníomhaíochtaí neamh-reachtacha

3. **Tosaíochtaí Uachtaránacht na Cipire**
***Cur i láthair ón Uachtaránacht***
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair a rinne an Uachtaránacht maidir lena tosaíochtaí agus bhí seisiún tuairimíochta aici.

4. An Sciath Eorpach don Daonlathas: daonlathais láidre athléimneacha a chumhachtú 5143/26
*Seisiún tuairimíochta*

| | | |
|---|---|---|
| 5. | An t-idirphlé bliantúil maidir leis an smacht reachta: plé tírshonrach<br>*Seisiún tuairimíochta* | 5019/26 |
| 6. | Aon ghnó eile | |
| | a) Straitéis mhacrairéigiúnach an Aontais don Atlantach<br>*Faisnéis ón Spáinn* | 5673/26 |
| | b) Na réigiúin is forimeallaí san Aontas<br>*Faisnéis ón bhFrainc agus ón bPortaingéil* | 5685/26 |

---

| | |
|---|---|
| ❶ | An chéad léamh |
| 3 | Plé poiblí (Airteagal 8(3) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle) |
| ✋ | Mír shrianta |
| C | Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún |

---

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA 'A' A LEAGTAR AMACH IN 5532/26**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna 'A':** | **Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Chun rioscaí slándála criticiúla agus spleáchais fuinnimh a eascraíonn as trádáil fuinnimh leanúnach le Cónaidhm na Rúise a sheachaint, tá an Coimisiún Eorpach tiomanta i gcónaí a áirithiú go gcuirfear deireadh de réir a chéile leis na hallmhairí ola uile a allmhairítear go fóill ó Chónaidhm na Rúise faoi dheireadh 2027, i gcomhréir le Dearbhú Versailles.

**Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún togra reachtach a chur síos ag tús 2026 chun toirmeasc a chur ar allmhairí ola ó Chónaidhm na Rúise a luaithe is féidir, ach tráth nach déanaí ná deireadh 2027.**

Déanfaidh an Coimisiún measúnú cúramach ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag foirceannadh brostaithe allmhairí ola ar shlándáil an tsoláthair, ar gheilleagar agus ar iomaíochas na mBallstát dá ndéanfaí an difear is mó.

Oibreoidh an Coimisiún go gníomhach, agus de mheon dlúthpháirtíochta, leis na Ballstáit dá ndéanfaí difear díreach agus le Ballstáit ábhartha eile, chun bearta iomchuí a shainaithint d'fhonn íoslaghdú a dhéanamh ar rioscaí féideartha a sainaithníodh sa mheasúnú, agus ar an gcaoi sin rochtain ar sholáthairtí malartacha a éascú.'

**RÁITEAS ÓN mBULGÁIR**

'Cuireann an Bhulgáir in iúl go dtacaíonn sí le cuspóir straitéiseach an togra le haghaidh Rialachán maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis nádúrtha ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938 (Rialachán REPowerEU).

Tugaimid dár n-aire téacs comhréitigh críochnaitheach Rialachán REPowerEU agus aithnímid go háirithe gnéithe an chomhréitigh a bhaineann leis an méid seo:

- an breithniú ar shainiúlachtaí réigiún CESEC agus an cuspóir soláthairtí malartacha gáis a áirithiú;
- na tagairtí do spriocanna líonta stórála gáis, agus
- coinneáil ar bun an chlásail fionraíochta i gcásanna riosca do shlándáil an tsoláthair fuinnimh.

Ag an am céanna, táimid fós de na tuairimí seo a leanas:

- Níl údar cuí le hAirteagal 5(8), is infheidhme maidir le Strandzha 1, ós rud é nach mbíonn ach gás nádúrtha nach de thionscnamh na Rúise é ag dul tríd an bpointe idirnaisc sin, agus dá thoradh sin, cuirtear ualach riaracháin díréireach ar allmhaireoirí gáis nach de thionscnamh na Rúise é.

- Ní dhéantar foráil sa téacs comhréitigh críochnaitheach do choimircí leordhóthanacha in aghaidh imeachtaí eadrána a d'fhéadfadh a bheith ann, ná do phionóis airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ann do chuideachtaí ag a bhfuil conarthaí idirthurais gáis píblíne agus acmhainneacht chonarthach. Áitíonn an Bhulgáir go mbeadh cómhalartacht iomlán ann, lena n-áirítear ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha don Bhallstát atá ag cur an Rialachán i bhfeidhm ag teorainn sheachtrach an Aontais, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéanfar an gníomh a neamhniú nó ina ndearbhófar go bhfuil sé neamhdhleathach.

- Ní leordhóthanach an bunús dlí atá beartaithe chun an Rialachán a ghlacadh.

I bhfianaise na n-ábhar imní thuas, agus ag cur san áireamh nach léirítear go hiomlán breithnithe na Bulgáire a leagtar amach sa ráiteas scríofa do chruinniú na Comhairle Fuinnimh an 20 Deireadh Fómhair 2025, **staonann an Bhulgáir ón vótáil ar théacs críochnaitheach Rialachán REPowerEU.'**

**RÁITEAS ÓN bhFRAINC**

‘I gcomhréir le Dearbhú Versailles, thacaigh an Fhrainc go hiomlán riamh le deireadh a chur le spleáchas an Aontais Eorpaigh ar bhreoslaí iontaise na Rúise.

Le linn na caibidlíochta ar an dréachtrialachán seo, d’fhéach an Fhrainc le fóntacht dhlíthiúil an téacs seo agus na socruithe cur chun feidhme a áirithiú, chun an riosca go rachfaí timpeall ar na toirmisc a laghdú. I ndáil leis sin, leagann an Fhrainc béim ar a riachtanaí atá sé **úsáid eisiach na smachtbhannaí Eorpacha a bheith ina gnáthchleachtas i gcónaí le haghaidh na mbeart sriantach a chinneann an tAontas Eorpach a fhorchur ar thríú tíortha. Ba eisceacht ar an riail sin glacadh Rialachán REPowerEU maidir le gás, ba cheart dó a bheith ina eisceacht i gcónaí agus bhí údar cuí leis mar gheall ar imthosca an-sainiúil.** Dá bhrí sin, beidh an Fhrainc an-airdeallach go háirithe maidir le haon bhearta toirmisc a d’fhéadfaí a shamhlú le smachtbhannaí, go háirithe in earnáil an fhuinnimh.’

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

‘Creideann an Ungáir nach mór comhdhéanamh an mheascáin fuinnimh, chomh maith le cinntí maidir le foinsí soláthair agus bealaí iompair agus éagsúlú na bhfoinsí agus na mbealaí sin, a fhágáil faoi chúram gach Ballstáit faoi leith. Cuireann an Ungáir in iúl gur cúis mhór imní di go ndéanann Rialachán REpowerEU difear bunúsach diúltach don tslándáil fuinnimh, do phraghsanna fuinnimh agus do rogha cheannasach an mheascáin fuinnimh. Dá bhrí sin, creidimid go gcuireann Rialachán REpowerEU isteach ar cheannasacht na mBallstát agus nach n-urramaíonn sé prionsabal na coimhdeachta.

D’eisigh Tionól Náisiúnta na hUngáire tuairim réasúnaithe faoi na hábhair mhóra imní atá aici maidir leis an gcoimhdeacht.

Tá amhras mór ar an Ungáir faoin mbunús dlí atá roghnaithe don Rialachán.  Níl aon chuspóir comhbheartais tráchtála i Rialachán REPowerEU, agus téann sé i gcoinne na gcuspóirí a léirítear in Airteagal 194(1) CFAE fiú. Dá bhrí sin, measaimid gur beart ‘smachtbhanna *de facto*’ é, a d’fhéadfaí a ghlacadh ar bhonn Airteagal 215 CFAE agus Airteagal 29 CAE amháin.

Thairis sin, creideann an Ungáir go sáraíonn Rialachán REPowerEU prionsabal na dlúthpháirtíochta faoi Airteagal 194(1) CFAE. Tugtar le tuiscint le prionsabal na dlúthpháirtíochta go bhfuil oibleagáid ghinearálta ar an Aontas agus ar na Ballstáit leasanna gníomhaithe eile a chur san áireamh agus a gcumhachtaí á bhfeidhmiú acu. Ba cheart dóibh bearta a sheachaint a mbeadh tionchar diúltach acu ar leasanna an Aontais nó na mBallstát, i dtéarmaí shlándáil an tsoláthair, inmharthanacht eacnamaíoch agus pholaitiúil, agus éagsúlú foinsí soláthair agus soláthair, agus, i gcás coinbhleachta, ceanglaítear orthu cothromaíocht a bhaint amach idir na leasanna sin. Ag féachaint do na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha, sóisialta agus praghais a d'fhéadfadh a bheith i gceist le Rialachán REPowerEU don Ungáir, níor aimsíodh an chothromaíocht sin.

Dar leis an Ungáir, na forálacha a bhaineann le toirmeasc iomlán ar allmhairiú, ní chomhlíontar leo prionsabail an riachtanais agus na comhréireachta, ná prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, lena n-áirítear an gcuirtear am ullmhúcháin leordhóthanach leo dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Is oth leis an Ungáir nach ndearnadh aon mheasúnú tionchair cuimsitheach tírshonrach, lena n-áirítear seiceáil iomaíochais ar bhrúnna agus luaineacht praghsanna a eascraíonn as sin, agus ar shaincheisteanna réigiúnacha maidir le slándáil an tsoláthair. Tá seasamh sonrach ag na Ballstáit talamhiata, ar nós na hUngáire, nár mhór a chur san áireamh. Thairis sin, socraíodh an dáta deiridh chun deireadh a chur le soláthar gáis píblíne gan beann ar thoradh mheasúnú tionchair réigiúnach an Choimisiúin a ullmhaíodh le linn na gcruinnithe tríthaobhacha.

Tá an Ungáir suite de nach amháin go mbeidh praghsanna fuinnimh níos airde agus níos luainí mar thoradh ar na bearta a leagtar amach i Rialachán REpowerEU, praghsanna atá anois ar an mbac is mó ar iomaíochas na hEorpa cheana féin, ach go gcuirfear slándáil an tsoláthair i mbaol freisin, go háirithe i gcás na mBallstát talamhiata. Cé go n-áirítear clásal fionraíochta i Rialachán REpowerEU mar choimirce i gcás géarchéim thromchúiseach thobann soláthair, ní dócha go mbeidh sé infheidhme sa chleachtas i bhfianaise na ndian-imthosca agus na ndiancheanglas is gá chun é a ghníomhachtú.

Thairis sin, tá forchoimeádais thromchúiseacha dhlíthiúla againn freisin, ós rud é go gcuireann Rialachán REpowerEU isteach ar chonarthaí fadtéarmacha atá ann cheana agus go bhfuil dliteanas i gceist leis thar ceann eintitis eacnamaíocha agus/nó na mBallstát. Níl aon sásra cúitimh airgeadais ann chun na dliteanais sin a mhaolú.

Réimse agóide dlíthiúla a d’fhéadfadh a bheith fós sa téacs ná an riosca a bhaineann le cur i bhfeidhm cúlghabhálach forálacha áirithe, mar shampla dáta an 17 Meitheamh 2025, óna meastar aon chonradh nua soláthair gáis ón Rúis faoi éifeacht láithreach chéimniú amach Rialachán REpowerEU.

Bheadh sé ina réamhriachtanas deireadh a chur le scrogaill bhonneagair chun bealaí soláthair a bhunú d’allmhairí fuinnimh nach ón Rúis iad i gcainníocht leordhóthanach chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bhaineann le cur i bhfeidhm Rialachán REpowerEU. Ina ainneoin sin, diúltaíonn an Coimisiún Eorpach fós tacú le bonneagar breosla iontaise a fhorbairt le cistí ón Aontas.

Ar deireadh, le bunú níos mó catagóirí tíortha comhpháirtíochta mar aon le nósanna imeachta údarúcháin difreáilte, d’fhéadfadh sé go ndéanfaí idirdhealú idir soláthróirí seachtracha gáis, rud a chruthódh dúshláin tráchtála agus dhlíthiúla.

Dá thoradh sin, vótálann an Ungáir i gcoinne Rialachán REPowerEU agus forchoimeádann sí a ceart a iarraidh go ndéanfaí é a neamhniú os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Ag an am céanna, aithníonn an Ungáir go bhfuil forálacha áirithe ar aon dul le téacs an 19ú pacáiste smachtbhannaí i gcoinne Chónaidhm na Rúise. Dar leis an Ungáir gur cheart feidhm a bheith ag an modh reachtach sin maidir le haon bheart nua a d’fhéadfadh a bheith ann lena gcumhdaítear ábhar an phacáiste smachtbhannaí i gcoinne Chónaidhm na Rúise.

Dá bhrí sin, cuireann an Ungáir i bhfios go láidir go n-urramófar an comhleanúnachas agus an chomhsheasmhacht idir dlíthe agus beartais éagsúla an Aontais, lena n-áirítear na díolúintí agus na maoluithe i Rialachán (AE) Uimh. 833/2014 mar atá i bhfeidhm ag an am chun an leibhéal is airde deimhneachta dlíthiúla is féidir a áirithiú d’oibreoirí an Aontais, agus chun soiléireacht a sholáthar freisin maidir leis na forálacha dlíthiúla is infheidhme faoi dhlí an Aontais.’

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

‘Tacaíonn Poblacht na Slóvaice leis na hiarrachtaí atá dírithe ar an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú de réir a chéile. Mar sin féin, ní mór do na hiarrachtaí sin sainiúlachtaí geografacha, bonneagair agus eacnamaíocha na mBallstát is mó dá ndéantar difear a léiriú go cuí, chomh maith leis na srianta dlíthiúla atá ann cheana.

Dá bhrí sin, vótálann Poblacht na Slóvaice i gcoinne ghlacadh Rialachán REPowerEU mar gheall ar na tionchair dhiúltacha eacnamaíocha agus airgeadais a mheastar a bheidh aige agus na héifeachtaí díobhálacha a d’fhéadfadh a bheith aige ar shlándáil an tsoláthair.

Tá infheistíocht mhór déanta ag Poblacht na Slóvaice, agus í ina tír thalamhiata gan rochtain dhíreach ar chríochfoirt GNL ná ola, agus tá idirnascairí gáis leis na tíortha comharsanachta uile forbartha aici chun an tslándáil fuinnimh a neartú. Mar sin féin, mar gheall ar na scrogaill bhonneagair atá ann cheana lasmuigh de chríoch na Slóvaice, tá teorainn i gcónaí leis an bhféidearthacht soláthairtí gáis a éagsúlú agus méideanna leordhóthanacha a allmhairiú ar bhealach éifeachtúil costéifeachtach sa tréimhse atá beartaithe. Ní léirítear sa Rialachán na srianta sin go leordhóthanach agus ní chuirtear ionstraimí iomchuí ar fáil leis do na Ballstáit is mó atá buailte chun aghaidh a thabhairt orthu.

Thairis sin, is fada atá córas fuinnimh na Slóvaice ag brath ar allmhairí breoslaí iontaise ó Chónaidhm na Rúise arna n-urrú faoi chonarthaí fadtéarmacha. Dá ndéanfaí na conarthaí sin a fhoirceannadh roimh am, bheadh Poblacht na Slóvaice agus rannpháirtithe i margadh na Slóvaice neamhchosanta ar eadráin agus ar imeachtaí dlíthiúla eile. Ní bhunaítear leis an Rialachán aon choimircí ná aon chreat maolaithe riosca chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí dlíthiúla agus airgeadais sin do na Ballstáit agus do na hallmhaireoirí dá ndéantar difear.

Ar deireadh, athdhearbhaíonn Poblacht na Slóvaice gur cúis mhór imní di bunús dlí an Rialacháin atá roghnaithe, chomh maith lena chomhoiriúnacht le prionsabail na comhréireachta agus na dlúthpháirtíochta fuinnimh.’